V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(M.11147 – NESTLE / PAI PARTNERS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 249/05)

1. An 3 Iúil 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— PAI Partners S.à.r.l. ('PAI Partners', Lucsamburg), faoi rialú PAI Partners S.A.S. (an Fhrainc),

— Nestlé S.A. ('Nestlé', an Eilvéis),

— Gnó pizza reoite Nestlé ('JV', Lucsamburg), faoi rialú Nestlé.

Gheobhaidh PAI Partners agus Nestlé rialú comhpháirteach ar JV de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— PAI Partners: bainistíonn sé cistí cothromais phríobháidigh a fhaigheann cuideachtaí atá gníomhach sna hearnálacha seo a leanas: seirbhísí gnó, bia agus tomhaltóirí, tionscail ghinearálta, agus cúram sláinte,

— Nestlé: táirgeann agus díolann sé réimse mór táirgí bia agus dí, lena n-áirítear táirgí déiríochta; deochanna caife; uisce pacáistithe; gránaigh; táirgí cócaireachta lena n-áirítear bia ullmhaithe, tarsainn, anlainn agus pasta tirim; uachtar reoite; seacláid agus deochanna tae; táirgí milseogra, sneaiceanna agus bia peataí, táirgí cothaithe cúraim sláinte,

— an JV: táirgeann sé agus dáileann sé pizza reoite in Andóra, sa Bheilg, sa tSeicia, sa Danmhairg, sa Ghearmáin, sa Ghréig, san Ungáir, san Íoslainn, san Iodáil, i Lucsamburg, i Málta, san Ísiltír, sa tSlóvaic, sa tSualainn, sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11147 – NESTLE / PAI PARTNERS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË